**Irish Statistical System**
**Code of Practice**

**An Phríomh-Oifig Staidrimh**
Central Statistics Office

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

# Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Stiúrthóra

# 2014

Seoladh Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann sa bhliain 2013. Is céim thábhachtach é an cód cleachtais seo chun feabhas a chur ar rialachas agus comhsheasmhacht staitisticí oifigiúla in Éirinn d'fhonn an mhuinín atáthar ag cur i staitisticí oifigiúla sa tír seo faoi láthair a chosaint.

Ní beag an méid teagmhála a bhí againn le Ranna agus le gníomhaireachtaí an Rialtais le linn 2014 ó thaobh cur i ngníomh an chóid agus tástáil modhanna measúnachta ar aon de. Cuireadh an obair seo i gcrích trí Ghrúpa Teagmhála Foirmiúil na Staitisteoirí. Is grúpa é seo ina bhfuil ionadaithe ó gach cuid de Chóras Staidrimh na hÉireann a thugann fócas don bhforbairt seo. Táthar ag súil go mbainfidh na comhordaitheoirí staitisticí a cheapfar faoin gcód cleachtais úsáid as an bhfóram chun cabhair a thabhairt i gcúrsaí cur i ngníomh an chóid.

Ba é an Cód Cleachtais Staidrimh Eorpach an tiománaí ba thábhachtaí i ndáil leis an obair a rinneadh in 2014. Rinne comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil baint acu le tiomsú Staitisticí Eorpacha féinmheasúnú ina thaobh seo. Mar thoradh ar an obair seo tabharfar cuireadh do na heagraíochtaí seo comhordaitheoir staitisticí a ainmniú agus ráiteas tiomantais a thabhairt maidir le Cód Cleachtais Staidrimh na hÉireann in 2015. Cuirfear cur i ngníomh céimneach an chóid ar aghaidh de réir a chéile trí Ghrúpa Teagmhála Foirmiúil na Staitisteoirí.

Tá an-chuid tacaíochta faighte againn go dtí seo ónár gcomhghleacaithe sa tseirbhís phoiblí i ndáil le cur i ngníomh céimneach an tionscnaimh seo. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, táim ag tnúth le bheith ag leanúint den gcomhoibriú lenár gcomhpháirtithe go léir sna blianta amach romhainn.

Pádraig Daltún
Ard-Stiúrthóir
An Phríomh-Oifig Staidrimh

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*
*+353 1 498 4000*

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

*Dublin Office*
*+353 1 498 4000*

LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555

information@cso.ie
www.cso.ie